Ùimh 7
Geimhreadh 2003

# Alana

Nuachtlitir don Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

## Eagarfhocal: Ag tús na hathbhliana …

## Le Heino Schonfeld, Stiúrthóir, CECDE

Am maith í an athbhliain chun stopadh agus smaoineamh chomh maith le féachaint ar na tascanna agus na heachtraí sa todhchaí.

Bliain mhaith eile a bhí i 2003 do chúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn agus bliain ar éirigh leis an LFOLO go leor a bhaint amach.
Sheol an Taoiseach Bertie Ahern ár "Iniúchadh Taighde ar Chúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn" ag tabhairt gealltanas nua ar son an Rialtais seirbhísí luath-oideachais a fhorbairt agus a leathnú.
Chríochnaigh an LFOLO a chéad tionscadal ollmhór comhairlithe struchtúraithe le seacht seimineár ar fud na tíre agus suirbhé ar-líne. Ghlac os cionn 400 cleachtóir, tuismitheoir agus lucht déanta beartas páirt ann agus thug siad comhoibriú luachmhar dár n-obair. Chruthaigh sé seo, agus an chéad chruinniú a bhí ag Coiste Comhairleach an LFOLO nasc láidir idir an LFOLO agus go leor scairshealbhóirí i gcúram agus in oideachas luath-óige.
Dhearamar straitéis taighde cuimsitheach chun tacú le cuspóirí an Ionaid agus bhí roinnt taighde tábhachtaí coimisiúnaithe. Chomh maith leis sin tá an LFOLO ag tabhairt maoinithe do cheithre scoláireacht dochtúireachta in Institiúid teicneolaíochta Átha Cliath agus Coláiste Phádraig, Droim Conrach.
Comhaontaíodh roinnt tionscadal píolótach sonraithe leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag léiriú infheistíocht mhór d'fhorbairt nuálaíoch san 18 mí amach romhainn.

Ag féachaint ar an mbliain amach romhainn, foilseoimid "Iniúchadh ar Sholáthar do leanaí le Míbhuntáiste Oideachasúil agus Riachtanais Speisialta" atá críochnaithe ach a dteastaíonn eagarthóireacht, aistriúchán agus priontáil a dhéanamh air. Go luath ina dhiaidh sin rachaimid i gcomhairliú leis an bpobal ar an "Creatlach Choincheapúil" do chúram agus oideachas luath-óige in Éirinn. Cáipéis thábhachtach a bheidh ann a chuirfidh le hard-chaighdeáin a dhréachtú níos deireanaí sa bhliain.

Sa bhliain amach romhainn leanfaimid lenár n-obair chomhairlithe leis an earnáil um chúram agus oideachas na luath-óige agus leis an bpobal níos leithne a láidriú tríd an gCoiste Comhairlithe agus go leor slite eile. Beidh sé mar thosaíocht dul i ngleic le tuismitheoirí ar bhealach níos éifeachtaí.

Buaicphointe de 2004 a bheidh sa chomhdháil idirnáisiúnta i gCaisleán Átha Cliath ar an téama caighdeán i gcúram agus in oideachas na luath-óige. Tionólfar an chomhdháil seo ag deireadh Meán Fómhair 2004 agus gheobhaidh tú fógra ar leith le glaoch ar pháipéir san eagrán sep de Alana.

Tá timpeallacht beartais do chúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn fós an-dúshlánach agus an-sciobtha: Táimid ag súil le foilsiú thuarascáil na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) maidir le cúra agus oideachas na luath-óige in Éirinn agus an próiseas comhairlithe ar oideachas in Éirinn a thionscain an tAire Oideachais agus Eolaíochta.
Ar na forbairtí eile tábhachtacha tá an t-athbhreithniú thar téarma ar rialacháin chúram leanaí agus comhairliú poiblí ar an doiciméad a bheidh foilsithe go gairid "I dTreo Creatlach ar an Luathfhoghlaim" ag an gComhairle Náisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Táimid ag tnúth le hoibriú leat i rith an ama iontaigh seo ar mhaithe leis na leanaí óga agus a dteaghlach!

**Heino Schonfeld**
Stiúrthóir

### Contents


| | |
|---|---|
| Ag tús na hathbhliana … | 2 |
| 'Ceisteanna maidir le Caighdeán' Comhdháil Idirnáisiúnta | 3 |
| Tuarascáil ar Réamh-Thorthaí ón gcomhairliú maidir le hArd-Chaighdeán in Oideachas agus i gCúram Luath-Óige | 4-5 |
| De Réir Sprice? | 6 |

# ‘Ceisteanna maidir le Caighdeán’
## Caighdeán i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige a Shainmhíniú, a Thacú, agus a Mheasúnú

### Comhdháil Idirnáisiúnta
### Meán Fómhair 23-25, Caisleán Átha Cliath

### Céad Fhógairt agus Glaoch ar Pháipéir

**Nóta Fáilte**
Ar son an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachais na Luath-Óige tá an-áthas orm cuireadh a thabhairt díobh chuig ár gcéad chomhdháil idirnáisiúnta ar Cháilíocht i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige.
Tionólfar an chomhdháil i dtimpeallacht álainn Ionad Comhdhála Chaisleán Átha Cliath, Éire ón 23ú-25ú Meán Fómhair agus is é an tUasal Noel Dempsey, an tAire Oideachais agus Eolaíochta a bheidh mar óstach.
Is é an téama atá roghnaithe againn ná Cáilíocht i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige. Tá an ceart ag leanaí a gcuid riachtanais a fháil trí sheirbhísí ar ard-cháilíocht agus táimid ag súil le malartú tuairimí agus mínithe éagsúla ar cháilíocht ar fud na cruinne.

Thíos gheobhaidh tú roinnt faisnéise faoin LFOLO agus téamaí na comhdhála agus má tá suim agat páipéar a chur isteach chun é a chur i láthair, gheobhaidh tú na sonraí anseo chomh maith.

Táim ag tnúth go mór le casadh leat i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair.

Heino Schonfeld.
Stiúrthóir an LFOLO.

**Cé a bheidh ag dul?**
Tá an chomhdháil seo dírithe ar na daoine seo a leanas; chleachtóirí, lucht déanta beartas, tuismitheoirí, lucht acadúla, mic léinn agus aon duine a bhfuil leas acu i gcúram agus in oideachas na luath-óige (ecce). Cuirfidh sé deis luachmhar ar fáil dóibh siúd ag obair le leanaí óga páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfóram dinimiciúil a phléifidh ceisteanna tábhachtacha a bhaineann le cáilíocht. Beidh deis anseo g toscairí a gcuid faisnéise agus taithí cleachtas a roinnt; torthaí reatha taighde a phlé; cur chuige beartas nuála a mhalairt agus labhairt le daoine eile atá tugtha do dhifríocht a dhéanamh i saol na leanaí óga.

**Spreagchainteoirí**

An Dr Richard Clifford, Príomh-Eolaí ag an Frank Porter Graham Child Development Institute ag an Ollscoil i North Carolina agus comhstiúrthóir ar an Ionad Náisiúnta um Luathfhoghlaim agus Luathfhorbairt agus ar an Ionad Náisiúnta Réamh-chiondargairdín sna Stáit Aontaithe. Tá suim ag an Dr Clifford i maoiniú poiblí ar chláir do leanaí agus timpeallacht foghlama cáilíochta a sholáthar do leanaí óga.

Is ón Institiúid Oideolaíochta An Dr Mathias Urban in Ollscoil Martin Luther i Halle-Wittenberg, An Ghearmáin. Tá baint aige le cláir cháilíochta a fhorbairt le blianta fada agus ó 1999, tá sé ag obair leis an Tionscnamh Náisiúnta Cáilíochta.

An Tríú Cainteoir le fógairt fós.

**Glaoch ar Pháipéir**

Ba mhaith leis an LFOLO cuireadh a thabhairt do pháirtithe leasmhara páipéir a chur isteach faoina téamaí seo a leanas:

Cáilíocht a Shainmhíniú i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige
Cáilíocht a Mheasúnú i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige
Tacú le Cáilíocht i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige

Beidh gach cur i láthair 30 nóiméad ar fad agus 10 nóiméad bhreise do cheisteanna agus freagraí. Iarrtar ar gach láithreoir giota ar a n-ábhar roghnaithe a sheoladh isteach roimh ré.

Tabhair faoi deara an méid seo a leanas:

- Níor chóir go mbeadh níos mó ná 200 focal sa ghiota agus ba chóir go mbeadh teideal agus forbhreathnú ar ábhar an chur i láthair ann. Abair go soiléir le do thoil cé acu téama atá á phlé agat.
- Cuir d’ainm iomlán, teideal gairmiúil, ceangal le hinstitiúid, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist isteach leis.
- Is í teanga oifigiúil na comhdhála ná Béarla
- Caithfidh giotaí a bheith istigh faoin 15 Aibreán 2004.
- Ba chóir na giotaí a sheoladh chuig: Sharon O’ Brien, Oifigeach Riaracháin, Lárionad um Fhorbairt agus Oideachais na Luath-Óige, Lóiste an Gheata, Coláiste Naomh Pádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9. Teil: +353 1 884 2110 Facs: +353 1 884 2111 Ríomhphost: Sharon.obrien@spd.dcu.ie

**Breis Eolais**
Chun breis eolais a fháil agus chun áireamh a dhéanamh, téigh i dteagmháil le: Sinead Marrinan, Conference Partners Ltd., 96 Bóthar Haddington, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Teil: +353 1 667 7188 Facs: +353 1 664 3701. Ríomhphost: sinead@conference partners.ie Suíomh Idirlín na Comhdhála www.cecde.ie

# Tuarascáil ar Réamh-Thorthaí ón gComhairliú maidir le hArd-Chaighdeán in Oideachas agus i gCúram Luath-Óige

*Le Thomas Walsh, Oifigeach Forbartha, LFOLO*

Rinne Lárionad um Fhorbairt agus Oideachais na Luath-Óige sé sheimineár chomhairlithe maidir le 'Ard-Chaighdeán in Oideachas agus i gCúram Luath-Óige' i mí Dheireadh Fómhair agus na Samhna 2003. Ba é príomhfhócas na seimineár comhairlithe ná léargas agus peirspictíocht na scairshealbhóirí ar fad san earnáil Cúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) a fháil i ndáil le hard-chaighdeán. Bunluach de Lárionad um Fhorbairt agus Oideachais na Luath-Óige is ea comhairliú; mar a deirtear in ar gClár Oibre, *"Consultation with stakeholders will be a crucial part of the process of developing quality standards."* (CECDE, 2001: 4) Sholáthar na seimineáir chomhairlithe léargas agus faisnéis thábhachtach dúinn agus muid ag leanúint leis an bpróiseas ár mbunfheidhm a chomhlíonadh creatlach ar ardchaighdeán a chumadh do gach suíomh ina bhfuil leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois.

Tionóladh sé sheimineár chomhairlithe ar fad ag na hionaid seo a leanas:

- 20ú Deireadh Fómhair - Sheldon Park Hotel, Bóthar n Coille Móire, Baile Átha Cliath 10
- 23ú Deireadh Fómhair - Rochestown Park Hotel, Dúglas, Corcaigh
- 29ú Deireadh Fómhair - Galway Bay Hotel, Bóthar na Trá, Gaillimh
- 24ú Samhain - Hillgrove Hotel, Muineachán
- 25ú Samhain - Hodson Bay Hotel, Baile Átha Luain
- 27ú lá de mhí na Samhna - Óstán na Ceathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Bhí an seimineár deiridh i nGaeilge agus cuireadh gach doiciméadú ar fáil trí Bhéarla agus trí Ghaeilge. Cuireadh áis ar fáil ar shuíomh idirlín an Lárionaid (**www.cecde.ie**) chun a chur ar chumas scairshealbhóirí nach bhfuil in ann freastal ar sheimineáir an fhoirm a líonadh agus a chur isteach ar-líne. Cuireadh na seimineáir chun cinn ar roinnt bealaí lena n-áirítear páipéir a scaipeadh trí bhrateagraíochtaí agus grúpaí ionadaíochta, trínár gcoiste Comhairlithe, agallaimh raidió agus fógraíocht, bunachar sonraí an Lárionaid a úsáid agus teagmhálacha pearsanta.

Tionóladh gach seimineár sa tráthnóna chun go mbeadh rannpháirtithe nach raibh ar fáil i rith an lae mar gheall ar dhualgais oibre nó clainne in ann freastal. Thosaigh na seimineáir le dhá chur i láthair ghairid; an chéad cheann ag cur síos ar thús agus ar dhul chun cinn LFOLO agus an dara ceann ag cur síos ar réasúnaíocht agus ar fhormáid an tráthnóna. Ceapadh toscairí go randamach chuig grúpaí díospóireachta; éascaitheoir ar an eolas ag gach grúpa chun a chinntiú go raibh deis ag gach rannpháirtí a gcuid peirspictíochtaí a chur in iúl. Dáileadh ceistiúcháin agus bhí sonraí déimeagrafacha /cúlra i ndiaidh na díospóireachta. Roghnaíomar próiseas taighde comhoibrithe/rannpháirtithe i ndáil leis an bpróiseas comhairlithe chun comhrá gníomhach, spreagthach a chur chun cinn, agus dá bhrí sin ag tabhairt eolais taighde luachmhar chun ard-chaighdeán a chumadh. Thug sé an deis do thoscairí ag an seimineár labhairt laistigh de ghrúpaí, ina bhfuil daoine ó chúlraí, ghairmeacha agus disciplíní éagsúla. Tá ard-chaighdeáin déanta suas as trí eilimint ar leith agus tugadh cuireadh don ghrúpa béim a chur ar an trí cheist seo:

1. Céard a chiallaíonn '**caighdeán**' i gcúram agus in oideachas luath-óige duitse?

2. I do thuairimse, céard iad na bealaí is éifeachtaí **caighdeán a mheasúnú** i gcúram agus in oideachas luath-óige?

3. Cén **tacaíocht** a theastaíonn uait chun caighdeán a bhaint amach agus a chothú i gcúram agus in oideachas luath-óige?

Chríochnaigh an seimineár le haiseolas ó na héascaitheoirí maidir leis na pointí tábhachtacha a tháinig aníos laistigh dá ngrúpaí díospóireachta.

Táimid an-bhuíoch do gach rannpháirtí, as réimse leathan cúlraí agus suimeanna a thóg an t-am a saineolas agus léargas a roinnt linn. Áirítear orthu seo tuismitheoirí, stiúrthóirí naíonra, airígh leanaí, cleachtóirí luath-óige, ceannairí grúpaí súgartha, soláthraithe seirbhísí, ionadaithe deonacha náisiúnta cúram leanaí, mic léinn, ionadaithe ceardchumainn, ionadaithe ranna Rialtais, ionadaithe Coiste Cúram Leanaí Contae, múinteoirí naíonán, príomhoidí scoile, ionadaithe Bord Sláinte, Boird Forbartha Comhphobal agus lucht déanta beartas. Táimid an-bhuíoch as an obair iontach atá déanta ag éascaitheoirí chun díospóireacht a chumasú agus a chur chun cinn agus a chinntiú go gcloistear gach a dúradh. Tá an LFOLO tugtha do chomhairliú leanúnach leis an earnáil de réir mar a tháirgtear agus a threoraítear na caighdeáin seo.

Chríochnaigh an tIonad roinnt tionscadal taighde a bhfuil baint díreach acu le creatlach um chaighdeán a chumadh; leis na seimineáir chomhairlithe ag táirgeadh eilimint thábhachtach den mhontáiste a úsáidfear chun caighdeáin a thairgeadh. Áirítear orthu seo Creatlach Choincheapúil ar fhoghlaim luathbhlianta a chuireann síos ar spriocanna agus ar chuspóirí cuí foghlama agus ar roinnt píosaí taighde a dhíríonn ar chaighdeán in Éirinn agus sa chomhthéacs idirnáisiúnta.

## Réamh-Thorthaí

Ghlac 387 freagróir páirt sa phróiseas comhairlithe trí fhreastal ar sé sheimineár, tríd an áis ar-líne a úsáid chun an ceistiúchán a chomhlíonadh agus tríd na ceistiúcháin a sheoladh ar ais sa phost. Mná is mó a bhí iontu (95%), an chuid is mó acu idir 25-54. bhí rannpháirtithe ann ó réimse leathan cúlraí agus grúpaí laistigh den earnáil ECCE, Cleachtóirí / Múinteoirí ba ea an roinn ba mhó (43%); Mic léinn (29%) agus Tuismitheoirí (28%). Bhí cothromaíocht iontach idir rannpháirtithe ón gcathair (56%) agus ón tuath (40%) ann agus níor fhreagair 4% an cheist seo. Ba é na cur chuige oideolaíoch is mó a úsáideadh ná Montessori (20%), Súgradh-bhunaithe (17%) agus Ard-Scóip (15%).

Maidir le saincheist **Caighdeán a Shainmhíniú**, bhí 223 freagra aonarach, ag cur béime ar nádúr coimpléascach agus ilchineálach caighdeáin maidir le ECCE in Éirinn. Bhain an réimse is mó a raibh comhaontú ann ó na freagraí a tugadh le Traenáil agus Cáilíocht Foirne (47%); Timpeallacht Chuí do Leanbh a Chruthú (47%); Páirteachas Tuismitheoirí (32%) agus Indibhidiúlacht an Linbh a Aithint (31%).

Ní raibh aon chonclúid ceart ar **Caighdeán a Mheasúnú** ach an oiread, le 217 freagraí éagsúla. Bhí Páirteachas Tuismitheoirí go hard ar an liosta arís (35%), mar aon le Tuarascálacha agus Breathnóireacht ar gach Leanbh (27%) agus Comhairleoirí ón taobh amuigh a úsáid chomh maith le hOibrithe Tacaíochta (23%).

Ar deireadh, bhí éagsúlacht mhór sna freagraí ar **Tacú le Caighdeán**, le 226 freagra ar leith. Bhí an riachtanas a bhain le Maoiniú ar bharr an liosta, bhí tagairt déanta de ag 43% de na freagróirí; freagraí suntasacha ba ea Traenáil agus Cáilíochtaí (35%) agus Traenáil Inseirbhíse Leanúnaí (28%).

Tá an LFOLO i bpróiseas tuarascáil chuimsitheach a dhréachtú faoi láthair ar na Seimineáir Chomhairlithe, ag cur le chéile tuairimí agus taithí na hearnála mar a léiríodh sna seimineáir chomhairlithe, agus beidh sé seo ar fáil in Earrach 2004. ba mhaith linn ár mbuíochas a lua arís leis na rannpháirtithe ar fad a chabhraigh leis an bpróiseas comhairlithe. Beidh bhur dtuairimí cinntitheach de réir mar a chuirfimid ár n-obair chun cinn ar Chreatlach Caighdeáin a chumadh don ECCE in Éirinn.

*Foilseofar an tuarascáil iomlán ar thorthaí an Chomhairlithe maidir le Caighdeán i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige. Téigh i dteagmháil leis an Lárionad ag 01 8842110 nó early.childhood@spd.dcu.ie chun go gcuirfear cóip agat nuair a bheidh siad ar fáil.*

# De Réir Sprice?

Déanfar "De réir Sprice? Iniúchadh ar Sheirbhísí a Dhíríonn ar Mhíbhuntáiste agus Riachtanais Speisialta i measc leanaí in aois a 0-6 Bliana in Éirinn" a fhoilsiú go luath – téigh i dteagmháil leis an Lárionad chun cóip a fháil nuair a bheidh sé réidh ag 01 8842110 nó early.childhood@spd.dcu.ie agus féach ar ár suíomh idirlín ag www.cecde.ie chun sonraí a fháil maidir leis an seoladh.

Eagarthóir
Heino Schonfeld

Cloite ag
Profile Lithoprint (01) 8316894

Má tá moltaí ar bith agat maidir leis an nuachtlitir déan teagmháil le Peadar Cassidy, Oifigeach Eolais ag 01 8842113 nó ag *Peadar.Cassidy@spd.dcu.ie*

Míle buíochas le DCULS le haghaidh an aistriú a rinne iad don nuachtlitir.

Chomh maith leis sin: Tá Aighneacht an LFOLO chuig an gCoiste um Míbhuntáiste Oideachasúil ar an Straitéis um Oideachais don Lucht Siúil ar fáil anois go díreach ón Lárionad agus is féidir teacht air ar ár suíomh idirlín www.cecde.ie.

## OMEP Éire
## Comhdháil Bhliantúil Taighde

Dé Sathairn 24 Aibreán 2004
Ionad: Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath, Sráid Aungier, Baile Átha Cliath

Teideal: **Children of The Global Village**

Cainteoir Keynote: Heino Schonfeld CECDE

Sonraí:
Ann Fanning
"Garbhchluain"
Páirc Bendemeer
Bóthar Magazine
Corcaigh
Teil/Facs 021-4342703
Ríomhphost: *bpfanning@eircom.net*